

Cruinniú 27: Scoil Náisiúnta Naomh Bríd agus Naomh Pádraig, Bóthar Bhrugha, Droichead Átha

Dé hAoine, an 17 Bealtaine 2024

Fuarthas cuir i láthair ó Phríomhoidí Scoil Náisiúnta Naomh Bríd agus Naomh Pádraig; Scoil Náisiúnta na mBráithre Críostaí Naomh Seosamh agus Scoil Náisiúnta na Toirbhearta maidir leis an tionchar dearfach a lean leithdháileadh foirne mar fhreagra ar Phlean Feidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha. Chaith na príomhoidí léas go háirithe ar an acmhainn fheabhsaithe atá acu chun cláir atá bunaithe ar fhianaise a chur ar fáil agus tacú le páistí a raibh agus a bhfuil tráma orthu ar bhealach níos seasta ná riamh.

Beidh imeacht a bhaineann le Bród Taistealaithe, á mhíniú ag Bord Feidhmithe Dhroichead Átha agus á sholáthar ag Mincéir Dhroichead Átha le tacaíocht ó Fhorbairt Áitiúil Lú, ar siúl ar an 4 Meitheamh 2024 ó 12-3 ag Ionad Pobail Pharóiste an Teaghlaigh Naofa i nGarrán Bál.

Tá imeacht rannpháirtíochta pobail beartaithe do cheantar na Mónaidh Móire, a bheidh ar siúl Dé Luain an 10 Meitheamh. Beidh an t-imeachta sin mar a chéile le seisiún a réachtáladh i Ráth Maoláin i mí an Mhárta.

Dé Luain an 13 Bealtaine 2024, shínigh Forbairt Áitiúil Lú (FÁL) léas le Comhairle Contae Lú chun Teach Pobail a fhorbairt i Ráth Maoláin, Droichead Átha. Thug bainistíocht shinsearach FÁL, oibríthe Forbartha Pobail agus foireann TÚS a bheidh rannpháirteach sa mhaoin, cuairt oifigiúil ar an láithreán i dteannta le Comhairle Contae Lú ar an 17 Bealtaine 2024. Rinneadh teagmháil le comharsana agus le muintir na háite ar an dáta sin chomh maith. Tá sé i gceist ag an bhfoireann FÁL an t-áitreabh a nuachóiriú le linn an tsamhraidh agus táthar ag súil go n-osclofar é go hoifigiúil i gcomhar le gach geallsealbhóir an phobail i dtreo dheireadh mhí Lúnasa.

Thug an foghrúpa um Fhostaíocht, Gnó agus Fiontraíocht cuairt ar an seanláithreán Premier Periclase Teo (PPT), a bhfuil sé i gceist ag na húinéirí nua Gyrogy agus Meridiam athnuachan a dhéanamh air agus campas fiontraíochta de a chumhachtófar go hinbhuanaithe, agus ina mbeidh réitigh a bheidh íseal ó thaobh carbóin de comh maith le réitigh suntsacha a bheidh tíosach ar fuinnimh.

Tá mórócáid tiomsaithe airgid á pleanáil ag CLG Mhol Pobail Bhaile Fearainn na Mónaidh Móire. Beidh an 'Dúshlán Dufaire' ar siúl ar an 4 Deireadh Fómhair san ATL. Táthar ag glacadh anois le léirithe spéise uathu siúd ar mhaith leo bheith ina n-iomaitheoir. Ba chóir d'aon duine a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh buaileadh isteach chuig Connect Family Resource Centre nó glao a chur ar Chiara le haghaidh tuilleadh eolais ar 0419846608.

Glactar faoi láthair le hiarratais ar phost mar chomhordaitheoir an chláir um Imeaglú a Bhaineann le Drugaí agus Gníomhú i leith Foréigin (DRIVE), atá á mhaoiniú mar fhreagra díreach ar ghníomh 3.9 de chuid Phlean Feidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha agus atá á ósáil ag Cé na gCeannaithe Éireann. Is é an 7 Meitheamh an spriocdháta le haghaidh iarratas.

Tar éis seisiún Fóraim Idirphlé Oscailte an Phobail a ndearnadh freastal an-mhaith air i mí Aibreáin, bhí i bhfad an iomarca éilimh ar chéad cheardlanna de chuid Choláiste Aisghabháil Bhaile Átha Cliatha Thoir Thuaidh um Pobail Fheasacha ar Dédhíagnóis agus Tráma i nDroichead Átha. Tá maoiniú curtha ar fáil ag an Tascfhórsa Réigiúnach Thoir Thuaidh um Dhrugaí agus Alcól le haghaidh ceardlann breise, atá curtha in áirithe go hiomlán chomh maith.



Cuirfear ceardlann Dédhiagnóise dar teideal An tOiliúnóir a Oiliúint ar fáil níos deireanaí i mbliana tríd an tionscadal sin chun seachadadh leanúnach a éascú. Tá an tionscadal sin á mhaoiniú an FSS mar fhregra ar ghníomh 3.8 de chuid Phlean Feidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha.

Aontaíodh go dtacófaí leis an nGréasán Tacaíochta Andúile Teaghlaigh agus plean gnó á fhorbairt mar fhreagra ar ghníomh 3.3 de chuid Phlean Feidhmithe Thuarascáil Dhroichead Átha.

Aontaíodh go dtabharfar tacaíocht d'iarratas a rinne Coiste um Sheirbhísí do Pháistí agus Daoine Óga Lú, Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Lú agus Óige ar Bhonn Limistéar Lú ar Scéim Phíolótach maidir le Bochtaineacht Óige i gCeantair Áitiúla.